Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 1 Deireadh Fómhair 2019
(OR. en)

12460/19
ADD 1 REV 1

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0106(COD)**

| | |
|---|---|
| CODEC 1415 | ENFOCUSTOM 158 |
| FREMP 133 | AGRI 449 |
| JAI 977 | ETS 30 |
| TELECOM 304 | SERVICES 42 |
| COMPET 642 | TRANS 451 |
| RC 23 | FISC 369 |
| CONSOM 254 | SAN 405 |
| DAPIX 269 | ENV 795 |
| DATAPROTECT 215 | GAF 69 |
| DROIPEN 143 | ATO 81 |
| FIN 601 | CYBER 261 |
| EMPL 478 | COPEN 366 |
| MI 663 | POLGEN 162 |
| PI 131 | INF 259 |
| SOC 630 | ANIMAUX 18 |

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráitis |

## Ráiteas ó Éirinn

Is díol sásaimh d'Éirinn an Treoir maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais lena n-áiritheofar cur chuige trasearnála comhchuibithe maidir le sceithirí a chosaint ar fud an Aontais. Mar sin féin, measann Éire gur cheart go ndéanfaí na bunúis dlí éagsúla atá sna Conarthaí atá mar bhonn agus taca ag raon feidhme ábhartha na Treorach a léiriú mar is ceart le haon reachtaíocht de chuid an Aontais sa réimse sin. I ndáil leis an méid sin, aontaíonn Éire leis an anailís ó Sheirbhís Dlí na Comhairle mar a leagtar amach i ndoiciméad 14620/18.

**Ráiteas ón Ungáir**

Measann an Ungáir gur cheart go ndéanfaí na bunúis dlí uile a léiriú mar is cuí, i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme sa Treoir maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais, a bhfuil raon feidhme ábhartha leathan aici, lena gcumhdaítear réimsí éagsúla a mbaineann bunúis dlí éagsúla leo sna Conarthaí. I ndáil leis an méid sin, aontaíonn an Ungáir go hiomlán leis an anailís ó Sheirbhís Dlí na Comhairle mar a leagtar amach i ndoiciméad 14620/18.

Tá an Ungáir den tuairim gurb é príomhaidhm na Treorach daoine tuairiscithe a fuair faisnéis faoi sháruithe i gcomhthéacs oibre a chosaint agus gur cheart aon chosaint, dá bhforáiltear leis an Treoir, do thríú daoine seachas an duine tuairiscithe faoina raon feidhme pearsanta, a léirmhíniú ar bhealach cúng. Ní chumhdaítear daoine a chuireann comhairle ar fáil de réir bhrí Airteagal 20 faoi raon feidhme pearsanta na Treorach mar a leagtar amach in Airteagal 4 agus ní shroichfidh an Treoir chun a gcosanta.

**Ráiteas ón gCoimisiúin**

Ag tráth an athbhreithnithe atá le déanamh i gcomhréir le hAirteagal 27 den Treoir, déanfaidh an Coimisiún staidéar ar an bhféidearthacht moladh a dhéanamh a raon feidhme a leathnú lena cur i bhfeidhm maidir le gníomhartha áirithe atá bunaithe ar Airteagal 153 CFAE agus Airteagal 157 CFAE, tar éis dó dul i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta, i gcás inarb iomchuí, i gcomhréir le hAirteagal 154 CFAE.